C/2024/2373

27.3.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/2373)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Rheinischer Landwein'

PGI-DE-A1301-AM01

Dáta na teachtaireachta: 27 Deireadh Fómhair 2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Tuairisc ar na hathruithe

a) *Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo*

Leagadh amach neart alcóil nádúrtha íosta agus meáchan úrfhíona nádúrtha íosta 'Rheinischer Landwein' faoi phointe ar leithligh. Níl aon athrú ann san ábhar. Cuireadh an abairt seo a leanas maidir le cuntasaíocht siléir isteach ar mhaithe le soiléiriú: 'Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifead.'

Soláthraíodh tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí éagsúla freisin.

b) *Críochú an limistéir*

Maidir leis an limistéar TGFC 'Rheinischer Landwein', liostaítear ceantar Bingerbrück mar eisceacht le haghaidh bhardas Bingen am Rhein.

Is féidir breathnú ar na léarscáileanna lena léirítear críochú an limistéir ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Leasaíodh an limistéar ina bhféadfar Landwein a tháirgeadh. Go dtí seo, níorbh fhéidir 'Rheinischer Landwein' a tháirgeadh ach amháin i limistéar saothrúcháin Rheinhessen. Rinneadh na rialacha i ndáil leis sin a ailíniú le ceanglais dlí agus ceadaítear anois 'Rheinischer Landwein' a tháirgeadh i limistéar difriúil den stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird:

'Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas an limistéar fáis inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.'

c) *Cineálacha fíonchaor*

Go dtí seo, liostaíodh na cineálacha fíonchaor a leanas faoi phointe 7 (a bheidh mar phointe 8 amach anseo) den tsonraíocht táirge:

Fíon geal

Albalonga, Arnsburger, Auxerrois, Bacchus, Bronner, Chardonnay, Ehrenbreitsteiner, Ehrenfelser, Faberrebe, Findling, Freisamer, Gelber Muskateller, Gewürztraminer, Grauer Burgunder, Grüner Silvaner, Grüner Veltliner, Helios, Hibernal, Hölder, Huxelrebe, Johanniter, Juwel, Kanzler, Kerner, Kernling, Mariensteiner, Merzling, Morio-Muskat, Müller-Thurgau, Muskat-Ottonel, Nobling, Optima, Orion, Ortega, Perle, Phoenix, Prinzipal, Regner, Reichensteiner, Rieslaner, Roter Gutedel, Roter Muskateller, Roter Traminer, Saphira, Sauvignon Blanc, Scheurebe, Schönburger, Septimer, Siegerrebe, Silcher, Sirius, Solaris, Staufer, Weißer Burgunder, Weißer Gutedel, Weißer Riesling, Würzer.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Fíon dearg agus fíon rosé

Acolon, Blauer Frühburgunder, Blauer Limberger, Blauer Portugieser, Blauer Silvaner, Blauer Spätburgunder, Blauer Trollinger, Blauer Zweigelt, Bolero, Cabernet Carbon, Cabernet Cortis, Cabernet Cubin, Cabernet Dorio, Cabernet Dorsa, Cabernet Franc, Cabernet Mitos, Cabernet Sauvignon, Dakapo, Deckrot, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Färbertraube, Früher Roter Malvasier, Hegel, Heroldrebe, Merlot, Monarch, Müllerrebe, Muskat Hamburg, Neronet, Palas, Prior, Regent, Rondo, Rotberger, Rubinet, Saint Laurent, Syrah.

LEASUITHE

Amach anseo, liostófar na cineálacha fíniúna faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' in ionad 'fíon geal' agus 'fíon dearg agus rosé'.

Baineadh na cineálacha a leanas den liosta:

'Blauer Silvaner' (liosta mícheart)

'Früher Roter Malvasier' (liosta mícheart)

'Muskat Hamburg'.

Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Cineálacha fíonchaor geal:

'Adelfränkisch, Alvarinho, Blauer Silvaner, Blütenmuskateller, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Chenin Blanc, Cumdeo Blanc, Dalkauer, Donauriesling, Donauveltliner, Felicia, Früher Leipziger, Früher Roter Malvasier, Furmit, Gelber Kleinberger, Gelber Orleans, Glera, Gm 324 58, Gm 6423-12, Gm 6427-5, Gm 789-10, Gm 7926-1, Gm 7941-11, Goldmuskateller, Grünfränkisch, Jakob Gerhardt Blanc, Manzoni Bianco, Marsanne Blanche, Muscabona, Muscaris, Orangentraube, Petit Manseng, Pollux, Rheinfelder, Rinot, Rosa Chardonnay, Roter Riesling, Roter Veltliner, Sauvignac, Sauvignon Gris, Sauvignon Gryn, Sauvignon Sary, Sauvitage, Savagnin Blanc, Semillon, Souvignier Gris, Trebbiano di Soave, VB 32-7, Viognier, Weißer Räuschling, We S 503.'

Cineálacha fíonchaor dearg:

'Accent, Alegrillo Negro, Barbera, Bettlertraube, Blauer Gänsfüßer, Blauer Hängling, Blauer Muskateller, Cabaret Noir, Cabernet Cantor, Cabernet Jura, Cabertin, Calabrese, Carménère, Chatus, Cumdeo Rouge, Divico, Gamay Noir, Gm 6421-2, Gm 6421-15, Gm 674-1, Gm 7217-5, Gm 8210-1, Grenache Noir, Hartblau, Kleiner Fränkischer Burgunder, Lagrein, Laurot, Malbec, Muskattrollinger, Nebbiolo, Petite Syrah, Petit Verdot, Pinotage, Pinotin, Pinot Nova, Primitivo, Reberger, Rosenmuskateller, Sangiovese, Satin Noir, Schwarzblauer Riesling, Schwarzer Heunisch, Schwarzer Urban, Süßschwarz, Tannat, Tempranillo, VB 91-26-5, We 70-281-37, We 94-26-37.'

d) *Ceanglais eile arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC*

Coinneofar an fhoráil seo a leanas lena léirítear an reachtaíocht atá ann cheana: Ní mór 100 % de na fíonchaora a úsáidtear sa táirgeadh a bheith ón limistéar lena mbaineann ainm Landwein. Léirítear an riail sin anois mar cheanglas arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC (comhlachas cosanta) agus ní léirítear a thuilleadh iad mar cheanglas faoin dlí náisiúnta. Luaitear 100 % go sainráite anois agus déantar tagairt don fhigiúr sin sa liosta ina sainaithnítear an limistéar críochaithe agus an liosta de chineálacha fíonchaor sa tsonraíocht táirge.

Rinneadh an fhoclaíocht 'Ní fhéadtar "Rheinischer Landwein" a dhéanamh ach amháin as fíonchaora de thionscnamh fíonghort sa limistéar fíonsaothrúcháin agus as cineálacha fíonchaor údaraithe' a leasú mar a leanas:

'Ní mór 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun 'Rheinischer Landwein' a tháirgeadh a bheith ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 den tsonraíocht táirge agus ó na cineálacha fíonchaor a údaraítear faoi phointe 8 den tsonraíocht táirge.'

e) *Comhlacht rialúcháin*

I bpointe 11 den tsonraíocht, leasaíodh an uimhir facs agus cúraimí an chomhlachta rialúcháin. Is amhlaidh sin toisc gur aistríodh freagracht as ceadanna cuir ó Chomhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht (*Landwirtschaftskammer Rheinland-Pfalz* – LWK) go dtí an Oifig Feidearálach um Thalmhaíocht agus Bia (*Bundesanstalt für Landwirtschaft und Ernährung* – BLE).

f) *Eile*

Athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais. Áirítear leis sin aon leasú a dhéantar chun reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair a léiriú, trí thagairt a dhéanamh do rialacha is infheidhme nó tríd an fhoclaíocht atá i gceist a scriosadh.

2. **Cúiseanna leis na hathruithe**

a) *Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus na saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo*

Liostaítear an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta faoi phointe ar leithligh chun an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos soiléire. Ós rud é go mbaintear an tábla comhshó níl bunús dlí ann a thuilleadh leis an tagairt don mheáchan úrfhíona nádúrtha íosta. Mar sin féin, ós rud é go n-oibríonn táirgeoirí i gcleachtas leis an *Öchslegrade* (scála an mheáchan úrfhíona), beidh sé sin sa tsonraíocht táirge fós. Beidh an tásc ar an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta measctha da bhrí sin ag an bhfocal 'agus'. Léirítear go soiléir leis sin nach mór do tháirgeoirí cloí le luach an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus le luach an íosmheáchan úrfhíona nádúrtha má tá siad chun táirgí a mhargú mar 'Rheinischer Landwein'. Chun míthuiscintí a sheachaint maidir le cuntasaíocht siléir, chinn an comhlachas cosanta (*Schutzgemeinschaft*) abairt a chur isteach lena soiléirítear nach gá ach an meáchan úrfhíona íosta a thaifeadadh i dtaifid na fíonlainne.

Rinneadh na tuairiscí ar shaintréithe orgánaileipteacha níos caolchúisí chun na táirgí éagsúla a léiriú ar bhealach níos fearr.

b) *Críochú an limistéir*

Rinneadh ceantar Bingerbrück a eisiamh ón limistéar TGFC 'Rheinischer Landwein', toisc gur cuid de limistéar saothrúcháin Nahe é.

Níor cheart na roghanna táirgthe a shainmhíniú ar bhealach níos cúinge ná mar a cheanglaítear leis an dlí leis an tsonraíocht táirge.

c) *Cineálacha fíonchaor*

Bhí an liosta de chineálacha fíonchaor a bhí ann roimhe seo mícheart agus neamhchríochnaithe. Cuirfear na cineálacha uile a shaothraítear sa limistéar saothrúcháin atá aicmithe go dtí seo leis, toisc go bhfuil a luach sa limistéar cruthaithe ag na cineálacha sin cheana féin. Comhlíonann na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin ceanglais na sonraíochta táirge. Is fíonchaor boird é Muskat Hamburg agus ní cheadaítear é dá bhrí sin. Baineadh Blauer Silvaner agus Früher Roter Malvasier den liosta de chineálacha dearga, mar úsáidtear iad chun fíonta geala a tháirgeadh.

Amach anseo, beidh na cineálacha fíonchaor liostaithe faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' seachas 'fíon geal' agus 'fíon dearg agus rosé', ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíonchaor sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a úsáidtear chun a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú.

d) *Ceanglais eile arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC*

Ní áirítear le reachtaíocht náisiúnta an riail maidir le 100 % mar a leasaítear. Dá bhrí sin, léirítear í mar cheanglas arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC (comhlachas cosanta). Maidir leis na leasuithe arna ndéanamh don téacs (e.g. chun an figiúir 100 % a lua go sainráite), déantar iad sin chun substaint na forála bunaidh a shoiléiriú. Níl aon athrú ann san ábhar.

e) *Comhlacht rialúcháin*

Athraíodh an uimhir facs.

Leasaíodh an fhoclaíocht ar cheadanna cuir nua chun an reachtaíocht is infheidhme a léiriú.

f) *Eile*

Is gá athruithe eagarthóireachta a dhéanamh chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(nó ainmnneacha)**

Rheinischer Landwein

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Fíon, geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is gnách go mbíonn dath idir buí éadrom agus buí ar dhath an tuí ar na fíonta geala agus bíonn imreacha glasa orthu go minic freisin. Bíonn dea-bholaithe de thorthaí buí agus trópaiceacha uathu de ghnáth, agus uaireanta bíonn blasanna bláthacha de noitmig uathu freisin, agus cothromaíocht mhín idir milseacht agus aigéadacht iontu.

Léirítear na difríochtaí idir terroirs éagsúla a aimsítear sa limistéar 'Rheinischer Landwein' go han-mhaith i bhfíonta Riesling.

Go sonrach, is féidir dath oráiste a bheith ar fhíonta geala brúchoipthe, in éineacht le himreacha cineál dearg agus donn. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta geala nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Mar sin féin, ní cheadaítear moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Maidir leis an mboladh, is iad blasanna ocsaídiúcháin d'aon ghnó, blasanna feanólacha nó réaduchtacha de dhéine fíneáilte go déine measartha a bhíonn ann.

Tar éis saibhriú, níor cheart an neart alcóil iomlán de réir toirte a bheith níos mó ná 11,5 %.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt):

— Neart alcóil iarbhír iosta (mar % den toirt):

— Aigéadacht iomlán íosta:

— Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Foriomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir):

2. *Fíon, dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath idir dearg agus dearg dorcha ar na fíonta dearga, agus is minic a bhíonn imreacha gormacha, corcairghorma orthu. Is iondúil go mbíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga agus caora agus struchtúr aigéadach bog orthu. Bíonn aigéadacht bhog ag fíonta ag a bhfuil tathag measartha chomh maith le struchtúr tainneach discréideach, agus blas torthaíoch láidir. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Mar sin féin, ní cheadaítear moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Féadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 12 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt):

— Neart alcóil iarbhír iosta (mar % den toirt):

— Aigéadacht iomlán íosta:

— Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Foriomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir):

3. *Fíon, rosé, Blanc de Noir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath idir meathdhearg agus dearg éadrom ar na fíonta rosé, agus táirgtear go heisiach iad ó chineálacha fíonchaor dearg a fháisctear go séimh. Bíonn dath fíona ghil ar fhíonta Blanc de Noir. Baineann dea-bholaithe fíneálta de thorthaí agus chaora dearga leo, chomh maith le haigéadacht úr, spleodrach leo de ghnáth. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Mar sin féin, ní cheadaítear moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Féadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt):

— Neart alcóil iarbhír iosta (mar % den toirt):

— Aigéadacht iomlán íosta:

— Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Foriomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir):

4. *Fíon Rotling*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath idir meathdhearg agus dearg éadrom ar na fíonta *Rotling*, agus déantar iad trí fhíonchaora geala agus dearga nó úrfhíon a chumasc le chéile. Is gnách go mbaineann tathag measartha leo agus go mbíonn dea-bholaithe de thorthaí buí agus dearga araon orthu. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Mar sin féin, ní cheadaítear moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Féadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt):

— Neart alcóil iarbhír iosta (mar % den toirt):

— Aigéadacht iomlán íosta:

— Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Foriomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir):

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

150 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Chun an tásc geografach faoi chosaint 'Rheinischer Landwein' a bheith orthu, ní mór na táirgí a bheith ó fhíonghoirt sna bardais seo a leanas: Albig, Alsheim, Alzey, Appenheim, Armsheim, Aspisheim, Badenheim, Bechenheim, Bechtheim, Bechtolsheim, Bermersheim (bardas tuaithe Alzey-Worms), Bermersheim vor der Höhe, Biebelnheim, Biebelsheim, Bingen am Rhein (seachas Bingerbrück), Bodenheim, Bornheim (bardas tuaithe Alzey-Worms), Bubenheim (bardas tuaithe Mainz-Bingen), Budenheim, Dalheim, Dexheim, Dienheim, Dintesheim, Dittelsheim-Heßloch, Dolgesheim, Dorn-Dürkheim, Eckelsheim, Eich, Eimsheim, Engelstadt, Ensheim, Eppelsheim, Erbes-Büdesheim, Esselborn, Essenheim, Flonheim, Flörsheim-Dalsheim, Flomborn, Framersheim, Frei-Laubersheim, Freimersheim (bardas tuaithe Alzey-Worms), Frettenheim, Friesenheim, Fürfeld, Gabsheim, Gau-Algesheim, Gau-Bickelheim, Gau-Bischofsheim, Gau-Heppenheim, Gau-Odernheim, Gau-Weinheim, Gensingen, Gimbsheim, Grolsheim, Gumbsheim, Gundersheim, Gundheim, Guntersblum, Hackenheim, Hahnheim, Hangen- Weisheim, Harxheim (bardas tuaithe Mainz-Bingen), Hillesheim (bardas tuaithe Mainz-Bingen), Hochborn, Hohen-Sülzen, Horrweiler, Ingelheim am Rhein, Jugenheim in Rheinhessen, Kettenheim, Klein-Winternheim, Köngernheim, Lonsheim, Lörzweiler, Ludwigshöhe, Mainz, Mauchenheim, Mettenheim, Mölsheim, Mommenheim, Monsheim, Monzernheim, Mörstadt, Nack, Nackenheim, Neu-Bamberg, Nieder-Hilbersheim, Nieder-Olm, Nieder-Wiesen, Nierstein, Ober-Flörsheim, Ober-Hilbersheim, Ober-Olm, Ockenheim, Offenheim, Offstein, Oppenheim, Osthofen, Partenheim, Pfaffen-Schwabenheim, Pleitersheim, Sankt Johann (bardas tuaithe Mainz-Bingen), Saulheim, Schornsheim, Schwabenheim an der Selz, Selzen, Siefersheim, Sörgenloch, Spiesheim, Sprendlingen, Stadecken-Elsheim, Stein-Bockenheim, Sulzheim, Tiefenthal (bardas tuaithe Bad Kreuznach), Udenheim, Uelversheim, Undenheim, Vendersheim, Volxheim, Wachenheim (bardas tuaithe Alzey-Worms), Wahlheim, Wallertheim (Wallertheim, Wißberg), Weinolsheim, Welgesheim, Wendelsheim, Westhofen, Wintersheim, Wolfsheim, Wöllstein, Wonsheim, Worms, Wörrstadt, Zornheim, Zotzenheim.

Is féidir breathnú ar na léarscáileanna lena léirítear críochú an limistéir ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas an limistéar fáis inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.

7. **Cineálacha fíonchaoire**

Accent

Acolon

Adelfränkisch — Grüner Adelfränkisch

Albalonga

Alegrillo Negro

Alvarinho — Albariño

Arnsburger

Auxerrois — Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Barbera

Bettlertraube — Grüne Bettlertraube

Blauer Frühburgunder — Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Gänsfüßer

Blauer Hängling

Blauer Limberger — Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Muskateller — Muskateller, Schwarzblauer Muskateller; Muscat Noir, Schwarzer Muskateller, Muscat a petits grains noirs

Blauer Portugieser

Blauer Silvaner

Blauer Spätburgunder

Blauer Trollinger — Trollinger, Vernatsch

Blauer Zweigelt — Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt

Blütenmuskateller

Bolero

Bronner

Cabaret Noir

Cabernet Blanc

Cabernet Cantor

Cabernet Carbon

Cabernet Cortis

Cabernet Cubin

Cabernet Dorio

Cabernet Dorsa

Cabernet Franc

Cabernet Jura

Cabernet Mitos

Cabernet Sauvignon

Cabertin

Calabrese — Nero d'Avola

Calardis Blanc

Carménère

Chardonnay

Chatus

Chenin Blanc

Cumdeo Blanc

Cumdeo Rouge

Dakapo

Dalkauer

Deckrot

Divico

Domina

Donauriesling

Donauveltliner

Dornfelder

Dunkelfelder

Ehrenbreitsteiner

Ehrenfelser

Faberrebe

Felicia

Findling

Freisamer

Früher Leipziger

Früher Roter Malvasier — Malvasier, Früher Malvasier, Malvoisie

Furmint

Färbertraube

Gamay Noir

Gelber Kleinberger

Gelber Muskateller

Gelber Orleans — Orleans

Glera

Gm 324-58

Gm 6421-15

Gm 6421-2

Gm 6423-12

Gm 6423-12

Gm 6427-5

Gm 674-1

Gm 7217-5

Gm 789-10

Gm 7926-1

Gm 7941-11

Gm 8210-1

Goldmuskateller — Muskateller

Grenache Noir — Grenache

Grüner Silvaner — Silvaner, Sylvaner

Grüner Veltliner — Veltliner

Grünfränkisch

Hartblau

Hegel

Helios

Heroldrebe

Hibernal

Huxelrebe — Huxel

Hölder

Jakob Gerhardt Blanc — Jakob Gerhardt blanc

Johanniter

Juwel

Kanzler

Kerner

Kernling

Kleiner Fränkischer Burgunder — Burgunder Fränkisch Kleiner

Lagrein — Blauer Lagrein, Lagrain

Laurot

Malbec

Manzoni Bianco — Manzoni Bianco

Mariensteiner

Marsanne Blanche — Marsanne

Merlot

Merzling

Monarch

Morio Muskat

Mucabona

Muscaris

Muskat Ottonel — Muskat-Ottonel

Muskat Trollinger

Müller Thurgau — Rivaner

Müllerrebe — Schwarzriesling, Pinot Meunier

Nebbiolo

Neronet

Nobling

Optima 113 — Optima

Orangentraube

Orion

Ortega

Palas

Perle

Petit Manseng

Petit Verdot

Petite Syrah

Phoenix — Phönix

Pinot Nova

Pinotage

Pinotin

Pollux

Primitivo — Zinfandel, Blaucher Scheuchner

Prinzipal

Prior

Reberger

Regent

Regner

Reichensteiner

Rheinfelder

Rieslaner

Rinot

Rondo

Rosenmuskateller — Muskateller

Rosé Chardonnay — Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé

Rotberger

Roter Gutedel — Chasselas Rouge, Fendant Rouge

Roter Muskateller — Muskateller, Muscat, Moscato

Roter Riesling

Roter Traminer — Clevner, Traminer

Roter Veltliner

Rubinet

Ruländer — Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pino Gris

Saint Laurent — St. Laurent, Sankt Laurent

Sangiovese

Saphira

Satin Noir

Sauvignac

Sauvignon Blanc — Muskat Silvaner

Sauvignon Gris

Sauvignon Gryn

Sauvignon Sary

Sauvitage

Savagnin Blanc — Weißer Traminer

Scheurebe

Schwarzblauer Riesling

Schwarzer Heunisch

Schwarzer Urban

Schönburger

Semillon

Septimer

Siegerrebe

Silcher

Sirius

Solaris

Souvignier Gris

Staufer

Syrah

Süßschwarz

Tannat

Tempranillo

VB 32-7

VB 91-26-5

Verdicchio Bianco — Trebbiano di Soave

Viognier

We 70-281-37

We 94-26-37

We S 503

Weißer Burgunder — Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc

Weißer Gutedel — Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant

Weißer Riesling — Riesling Renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

Weißer Räuschling

Würzer

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Is infheidhme maidir leis na táirgí uile

Tá an limistéar fíonsaothrúcháin 'Rheinischer Landwein' suite ar imeall thuaidh Mhachaire na Réine Uachtaraí, in aice le cor sa Réin, idir cathracha agus bailte Mainz, Bingen, Alzey agus Worms. Is é sainghné an tírdhreacha ardchláir d'aolchloch fhrithsheasmhach a bhfuil loig leathana tríothu maille le cnoic shéimhe agus ísealchríocha. Tá na limistéir ardchláir is airde idir 250 méadar agus 300 méadar os cionn leibhéal na mara, agus na tailte ísle idir 100 méadar agus 150 méadar os cionn leibhéal na mara. Is ar thaobhanna na gcnoc a bhíonn an chuid is mó den fhíonsaothrú. Ar an meán, fásann na fíniúnacha ag airde de 175 mhéadar os cionn leibhéal na mara. Tá aghaidh idir soir ó dheas agus siar ó dheas ag an gcuid is mó de na fíonghoirt.

Is éard atá sa limistéar fíonsaothrúcháin dríodair Threasacha agus Cheathartha go príomha a luíonn ar bhonn charraigeacha Rotliegend. Tá carraigeacha Rotliegend le feiceáil ar dhromchla an domhain sa chuid is faide siar ó dheas den limistéar agus gar do Nierstein (Niersteiner Horst). Luíonn an chuid is mó den limistéar ar charraigeacha Treasacha ar a bhforluíonn dríodair Cheathartha den chuid is mó (díorthaigh lóis, léibhinn abhann, dríodair ó shruthchúrsaí, dríodair ó fhánaí). Is aolchloch Threasach atá sna limistéir ardchláir, agus tá marlaí Treasacha níos boige ar na limistéir fána, cnoic agus ísealchríche. Cumhdaíonn lós an aolchloch atá sna limistéar d'ardchláir agus is minic a bhíonn na haolchlocha de na limistéir ísealchríche folaithe ag lós nó dríodair ó fhánaí, agus tá marlaí na limistéar ísealchríche cumhdaithe le dríodair ó shruthchúrsaí, léibhinn nó dríodair athdháilte. Aimsítear grianchloichít agus scláta Deavónach sa chuid thiar-thuaidh den limistéar fíonsaothrúcháin gar do Bingen. A mhéid a bhaineann le foirmiú ithreach, is iad lós agus díorthaigh lóis an mháthair-shubstráit.

Is mar a leanas atá aeráid an limistéir fíonsaothrúcháin. Is í 9,9 °C an mheánteocht bhliantúil. 14,6 °C a bhíonn sa mheánteocht le linn an tséasúir fáis. Tá na limistéir ina bhfuil na meánteochtaí bliantúla níos ísle suite in iardheisceart an limistéir fáis, ar an teorainn le hAbhantrach Saar-Nahe. Tá na meánteochtaí le fáil ar Tafel- und Hügelland (ardchlár agus talamh ard), agus na meánteochtaí bliantúla is airde le fáil i dtreo Mhachaire na Réine Uachtaraí. Faigheann an limistéar meán de thart ar 500 mm frasaíochta gach bliain, tagann 65 % (355 mm) den fhrasaíocht sin le linn an tséasúir fáis. Ar an meán, faigheann na fíniúnacha in Rheinhessen 650 000 Wh/m^2 de sholas gréine le linn an tséasúir fáis.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil ina leith.

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun 'Rheinischer Landwein' a tháirgeadh a bheith ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 den tsonraíocht táirge agus ó na cineálacha fíonchaor a údaraítear faoi phointe 8 den tsonraíocht táirge.

Ní fhéadfaidh cion siúcra iarmharaigh fíona arna mhargú mar an TGFC 'Rheinischer Landwein' an t-uasluach incheadaithe a shárú don tásc 'leath-thirim'.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein